

Malairt físeanna den infhostaitheacht:
ról na hoideolaíochta criticiúla

Ricky Gee, Léachtóir Sinsearach
Ollscoil Nottingham Trent

*Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don
Lámhleabhar Scoile um Threoir*



Clár an Ábhair:

Achoimre	3
Eochairfhocail	3
Réamhrá	4
‘Gairm’ a fhiosrú - Anailís chriticiúil	7
Gairm a chur faoi ghrinnscrúdú acadúil	9
Plé	12
Beathaisnéis	13
Buíochas	13
Leabharliosta / Tagairtí	14

Achoimre

Faoi láthair, le polasaí oideachais déantar riachtanas soiléir a sholáthar: nach mór d’institiúidí oideachais cuidiú le hinfhostaitheacht mac léinn (McCash, 2008; Watts 2003; Browne, 2010; Mercer, 2011; Cote, 2014). Tá baint ag a leithéid de bhéim leis an oideolaíocht sa dioscúrsa le fíis de ghníomhaithe féinchúiseacha a chur chun cinn atá ag gníomhú go seiftiúil laistigh de mhargaí oideachais agus saothair. Bhí cuid mhór tráchtairí cáinteach maidir leis an réasúnachas tomhaltais atá suntasach sa dioscúrsa oifigiúil, a leagann béim ar shaincheistanna atá níos casta maidir leis an taithí de rannpháirtíocht mhothúcháinach a bhíonn ag scoláirí i gcúrsaí oideachais. San alt seo díreofar ar ‘ghairm an fhoghlaimeora’ agus an fhéidearthacht atá ann é a chur faoi mhionscrúdú acadúil trí iniúchadh meabhrach a dhéanamh ar an teoiric. San alt seo taispeánfar freisin conas is féidir leis an gcur chuige oideolaíochta seo modh a chur ar fáil i dtreo tuisceana criticiúla ar ghairm agus conas a bhíonn tionchar aige seo ar léiriú gairme scoláirí sa todhchaí. San alt moltar a leithéid foghlama a aistriú chuig suíomh scoile de chuid na hÉireann, áit a ndéantar an argóint go gcuireann a leithéid d’oideolaíocht an infhostaitheacht ina háit chúí: mar rud éigin a éiríonn fiúntach agus agus fóinteach nuair a chuirtear é laistigh den tuiscint i gcoitinne ar an bhforbairt ‘ghairme’

Eochairfhocail

Infhostaitheacht, oideachas gairme, oideolaíocht chriticiúil, staidéar gairme

Réamhrá

Tá ról lárnach ag an treoirchomhairleoir le seirbhísí a sholáthar idir na réimsí oideachais, an saol oibre agus an tréadchúram. San alt seo díreofar ar ról na dtreoirchomhairleoirí agus an ról atá acu le bonn eolais a chur faoi iniúchadh an churaclaim oideachais ar ghairm. Tosaíonn an t-alt le hiniúchadh gearr ar chomhthéacs na treoirchomhairleoireachta sula leagtar béim ar an gcaoi gur coincheap casta é an ghairm a bhfuil bríonna éagsúla ag baint léi laistigh den litríocht. Déantar an argóint go dtugann cuid mhór den litríocht seasamh coimeádach idé-eolaíochta maidir le gairm, bunaithe ar bharúlacha nua-aoiseacha, a bhfuil an claonadh acu dul i dtreo margaíocht leanúnach an oideachais agus a dhéanann an neamhionannas níos measa (Archer et al, 2003; Hutchinson et al, 2011). Dá bhrí sin, tá an baint níos mó ag an oideolaíocht i ndioscúrsa a chuireann fíis de ghníomhaithe réasúnta chun cinn atá ag gníomhú go seiftiúil laistigh de mhargaí oideachais agus saothair. Bhí cuid mhór tráchtairí cáinteach maidir leis an réasúnachas tomhaltais atá níos suntasaí sa dioscúrsa oifigiúil, a leagann béim ar shaincheistanna atá níos casta maidir leis an taithí de rannpháirtíocht mhothúcháinach a bhíonn ag scoláirí i gcúrsaí oideachais (Archer et al, 2003). San alt seo leagtar amach an chaoi ina bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar ghairm i gcuraclam trí oideolaíocht chriticiúil a dhíríonn ar ‘ghairm an fhoghlaimora’ agus an fhéidearthacht atá ann é a chur faoi mhionscrúdú acadúil trí iniúchadh meabhrach a dhéanamh ar an bhforbairt ghairme agus an teoiric shóisialta i gcoitinne. San alt baintear úsáid as léaráidí de chásanna lena thaispeáint conas is féidir leis an gcur chuige criticiúil seo modh a chur ar fáil le comhthéacs a thabhairt don fhorbairt phearsanta maidir le tuiscint a fháil ar ‘ghairm’, agus conas a bhíonn tionchar aige seo ar a bhfuiltear ag súil leis den léiriú ‘gairme’ sa todhcháí. San alt moltar an fhéidearthacht atá ann lena leithéid foghlama a aistriú go dtí comhthéacs scoile na hÉireann agus déantar an argóint go ndéanann a leithéid de chur chuige an infhostaitheacht a lonnú ina háit chuí: mar rud éigin a éiríonn fiúntach agus fóinteach nuair a chuirtear é laistigh den tuiscint i gcoitinne ar an bhforbairt ‘ghairme’.

Le tús na 21ú haoise tháinig ‘forbairt ghairme’ chun cinn mar ábhar polasaí poiblí domhanda, ina mbreathnaíonn an lucht déanta polasaithe ar an obair maidir le ‘forbairt ghairme’ mar ghníomhaíocht shuntasach chun cuidiú le daoine ‘cinntí gairme’ gearrthéarmacha a dhéanamh chomh maith leis “na bunúis don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don fhorbairt ghairme ar feadh an tsaoil” a leagan síos (Watts, 2003, lch 4). Mar sin, sa teoiric ghairme agus litríocht pholasaí aithnítear go bhforbraíonn gairmeacha thar tréimhse ama agus bíonn níos mó ionchuir ná caidreamh gearr duine le duine le treoirchomhairleoirí (Law, 1996). Dá bhrí sin, leis an bpolasaí meastar gur féidir le curaclam oideachais ionchur fóna a dhéanamh, trí oideachas gairmeacha le cur leis an treoir/comhairleoireacht ghairme le cuidiú le cuspóirí polasaí.

Tháinig méadú ar oideachas gairmeacha le linn lár an fichiú haois agus bhí sé mar ghnás coitianta go luath sna 1970idí ar fud scoileanna na Ríochta Aontaithe (Barnes agus Andrews, 1995), áit a ndearnadh é a shainmhíniú ina raibh taithí phleanáilte chun éascú a dhéanamh ar an bhforbairt orthu seo a leanas:

Foghlaim faoi chinntí
Feasacht deiseanna
Foghlaim faoi aistriú

Féinfheasacht
(Watts, 2006, lch 10)

Tá an cineál oideachais ghairmeacha seo, ar a dtugtar DOTS go hiondúil, tar éis bonn eolais a chur faoi chuid mhór oibre gairme laistigh den Ríocht Aontaithe agus in Éirinn freisin, áit ar cuireadh san áireamh leaganacha éagsúla dá leithéid barúlacha chun tionchar a imirt ar churaclaim ghairme oideachais (Liston agus Geary, 2010; Watts 2001). I dtreo dheireadh an 20ú haois áiríodh sa litríocht ghairme a bhfacthas mar athruithe móra ar dhinimic mhargadh an tsaothair mar gheall ar an ‘domhandú’ (Watts, 2001; Arthur, 2010). Tugann a leithéid barúlacha le fios go bhfuil “crith gairme” ar siúl le cúrsaí gairme san 21ú haois (Watts, 1996) ina ndéantar soláthar do chroitheadh na mbunús de struchtúir thraidisiúnta; (cé go mbíonn an claonadh ann nach mbíonn criticiúlacht i gceist lena leithéid de chuntais agus nach gcuirtear san áireamh conas a bheadh athrú struchtúrach éagsúil leis na haicmí sóisialta difriúla – féach an chuid thíos). Mar thoradh air sin, tugann Watts agus tráchtairí eile e.g. Arnold 1997, le fios nach mór d’oideachas gairme, ar scála domhanda, breathnú ar athstruchtúir a dhéanamh chun freastal ar na héilimh atá sa mhargadh saothair nua. Mar gheall ar a leithéid dearbhuithe den domhandú, déantar an fócas reatha ar an gcuraclam gairme a oibríochtú go mór faoin scáth infhostaitheachta áit a bhfuil sé mar thosaíocht d’eochairpholasaí de bharr na mórathruithe atá i ndán don earnáil oideachais (Mercer, 2011; Watts, 2003; Browne, 2010). Mar thoradh ar an gcás seo tá barúil pholasaí ann go mbeidh scoláirí ina dtomhaltóirí réasúnta laistigh den earnáil oideachais a ndéantar margaíocht uirthi, ag lorg toradh ar infheistíochtaí tríd an bhfostaíocht sa toadhchá a shásaíonn na hionchais airgeadais. Cuirtear leis seo tuilleadh mar gheall ar an bprionsabal polasaí doshéanta a bhfuil tacaíocht curtha faoi go gcuireann cúrsaí oideachais le forbairt caipitil dhaonna náisiúin a chuireann toradh eacnamaíoch náisiúnta níos fearr ar fáil dá bharr (Browne, 2010; Purcell et al, 2012). Cé go bhfuil cuid mhór cáinte sa litríocht acadúil i dtaca leis an infhostaitheacht (Bathmaker et al, 2013; O’Regan, 2009) is fiú a rá go nglacann an polasaí go mór leis an ‘infhostaitheacht’ agus go bpléitear an coincheap ann maidir le forbairt ghairme (Watts, 2006; Yorke, agus Knight, 2006). Dá bhrí sin, leagann an infhostaitheacht béim ar aistriú scoláirí chuig an saol oibre, ina bhfuil cuidiú le tabhairt do scoláirí maidir lena cinní ‘gairme’. Leag Fóram Náisiúnta um Threoir na hÉireann béim ar an tábhacht a bhaineann leis an infhostaitheacht ina thuarascáil.

*Tá cúrsaí teorach aitheanta ag leibhéal polasaí náisiúnta agus Eorpacha mar rud bunúsach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a thugann tacaíocht don fhorbairt a dhéantar ar an acmhainneacht daonna, an cuimsiú sóisialta, **an infhostaitheacht** agus an rath eacnamaíochta*

(Fóram Náisiúnta um Threoir, 2007, lch 1 – mo bhéim)

Léiríonn a leithéid de shampla an tábhacht a bhaineann leis an ‘infhostaitheacht’ chun tacú le cinní gairme eolacha.

Ní éiríonn le cuid mhór den litríocht an coincheap den ‘infhostaitheacht’ a oibríochtú – chomh maithe leis an gcoincheap den ‘ghairm’ – agus ní éiríonn leis a teorainneacha reitriciúla a chur san áireamh (Pegg et al, 2012; Bathmaker et al, 2013). Ceangalaíonn Watts (2006) an tuairim den fhoghlaim um fhorbairt ghairme – agus gnéithe de DOTS á n-ionchorprú – leis an infhostaitheacht le hiniúchadh leathan a spreagadh ag bogadh ón tuairim den ‘infhostaitheacht láithreach’ – a bhaineann le tréithe scoláirí le bheith ‘ullamh don obair’ – i dtreo ‘infhostaitheachta inbhuanaithe – mar fhócas leis an bhfostaíocht a chothabháil ar feadh an tsaoil. Déanann Watts an argóint go mbaintear úsáid as teoiric um fhorbairt ghairme lena leithéid de bhogadh le cur chuige níos leithne a chur ar fáil i dtreo na hinfhostaitheachta

– agus an cúngú coincheapúil de chur chuige scileanna a sheachaint dá réir – nach bhfuil scoláirí i bhfách leis de réir na litríochta (Atkins, 1999; O’Regan, 2009).

Críochnaíonn Watts a rá gurb é an úsáid – cé chomh mór agus atá daoine aonair ‘ar an eolas faoina bhfuil acu agus an chaoi a roghnaíonn siad conas é a úsáid – an bealach is úsáidí le hiniúchadh a dhéanamh ar an ‘infhostaitheacht’. Is é a éiríonn soiléir ná go dtagann moladh Watts leis an gcuraclam infhostaitheachta a leathnú amach leis an eiseamláir réasúnach atá mar bhonn agus taca ag an gcoincheap de DOTS agus de go leor polasaithe treorach. Mar sin féin, tá cuid mhór cáinte faighte ag an gcur chuige DOTS agus ag an gcur chuige líneach réasúnach i dtreo an oideachais ghairme, a ndéanann Bowman et al. (2005) cur síos orthu mar an ‘teoiric thíre’ mhíshásúil, laistigh den litríocht teoirice ghairme – mar déanann cuid mhór daoine an argóint nach mbaineann siad le ‘réadúlachtaí’ daoine a thuilleadh agus go bhfuil ganntanas i gceist leo le bheith in ann déileáil leis an débhríocht, e.g. Gelatt (1989) agus Ruppert (2010). Tugann McCash (2006) le fios go nglacann DOTS an iomarca leis an tuairim ghníomhaithe de léiriú gairme an scoláire agus ní thógtar san áireamh an comhthéacs sóisialta agus cultúrtha ina bhfuil siad ag maireachtáil. Mar a chéile déanann Roberts an argóint gurb é idirghníomhú idir na gnéithe féiniúlachta agus na struchtúir shóisialta a chuireann cruth ar an ‘rogha’ ghairme den chuid is mó – ar nós aicme, oideachas agus margadh an tsaothair – chomh mór sin go bhféadfadh sé gur rud mearbhlach é an rogha (Roberts 1977, 1997, 2009). Níl mórán de scóip in argóint Watts chun spás a chur ar fáil sa churaclam chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina mbíonn tionchar ag fórsaí sóisialta níos leithne ar léiriú gairme an scoláire¹. Chomh maith leis sin, an t-aon rud a luaitear faoi thuairimí polaitiúla maidir le cúrsaí gairme ná faoi chríocha na n-eagraíochtaí fostaíochta sa todhcháil - e.g. scoláirí ag déanamh machnaimh áit a ‘mbeadh teannais faoi cheilt agus coimhlintí cumhachtacha laistigh d’eagraíochtaí, b’fhéidir” nó iad “ar an eolas faoin áit ina bhfuil an chumhacht agus an tionchar laistigh d’eagraíocht” (Watts, 2006, lgh 14-15). Dá bhrí sin éiríonn an iarracht a dhéanann Watts leis an gcuraclam infhostaitheachta a leathnú amach lárnaíoch don obair go nádúrtha, neamhpholaitiúil agus easpa criticiúlachta dá bharr, i gcomhréir le cuid mhór dioscúrsa polasaí.

Tugann McCash (2008) dearadh maidir le leathnú coincheapúil a dhéanamh ar an gclár infhostaitheachta tríd an staidéar gairmeacha a spreagadh. Cuireann McCash an tuairim maidir le hiniúchadh trasdisciplíneach ar ghairmeacha chun cinn áit a ndéantar iarracht leis na paradímí oibre le gníomhaí oscailte de ghairm atá chun tosaigh laistigh de DOTS a bhriseadh ar oscailt, agus ar an gcaoi sin scoláirí a chur i dtreo an róil mar ghairm-thaighdeoir (McCash, 2006). Mar sin cuireann staidéar gairmeacha iarracht úsáideach ar fáil chun spás a oscailt laistigh den churaclam, inar féidir gairm a fhiosrú le dearcadh leathaa. Mar sin, cuireann gníomhaíocht an staidéir gairme an deis ar fáil do ‘ghairm’ bogadh i dtreo na criticiúlachta, ag spreagadh na scoláirí le bheith níos amhrasaí faoi léirisc agus ordlathais a nglactar leo go coitianta, agus ar an gcaoi sin tuairimí retriciúla a sheachaint maidir le tuiscintí réasúnacha, líneacha agus obairlárnacha ar ghairm (Burbules agus Berk, 1999). Maíonn an t-alt seo go gcloíonn tuiscintí den sórt sin faoi ghairm le tuairimí nua-aimseartha a bhfuil sé níos acu géilleadh d’ideolaíocht choimeádach a dhéanann éagothroime a athchruthú i gcóras oideachais margáíochta (Archer et al, 2003; Roberts, 2009; Hutchinson et al, 2011; Browne agus Misra, 2003; Love, 2008; Mignot, 2001). Chun na buntuiscentí sin a fhiosrú, scrúdóidh an t-alt seo an machnamh a dhéanann an litríocht maidir le teoiric ghairme ar ‘ghairm’, d’fhonn na dearthaí éagsúla ideolaíochta agus polaitiúla ar a leithéid de choincheap a nochtadh. Má dhéantar é sin, bogtar i dtreo machnamh ar an gcaoi inar féidir léamh criticiúil a spreagadh trí chur ar chumas scoláirí a ‘ngairm’ a chur faoi ghrinnscrúdú acadúil trí chur chuige criticiúil oideolaíochta.

‘Gairm’ a fhiosrú - Anailís chriticiúil

Má úsáidtear gnáthfhoclóir is féidir léargas úsáideach a fháil ar úsáid focail ag an ngnáthdhuine. Tá pointe tosaithe maith ann leis an sainmhíniú ag an bhfoclóir ar líne Oxford ar ghairm, le léargas cultúrtha suimiúil ar choincheap na gairme.

A course of professional life or employment, which affords opportunity for progress or advancement in the world –

(Foclóir Béarla Oxford ar líne, arna rochtain Meitheamh 2011) –

Tá an sainmhíniú seo, amhail neart sainmhínte ar líne, gonta agus ag an bpointe. Ach is féidir gontach mar sin a bheith ina cúis le simpliú agus cúngú ar choincheap; agus claonadh a aibhsiú. Tá tuairim na hoibre lárnach sa sainmhíniú thuas, toisc go gcuirtear obair i láthair i bhfoirm fostaíochta agus níl gairm intuigthe ach amháin más nádúr gairmiúil atá ag an bhfostaíocht sin agus má dhéantar ‘dul chun cinn’ inti. Is féidir le duine a thuiscint go tapa gur bhfuil cuma eisiach ar thuairimí dá leithéid i dtaca le gairm. Má tá duine i bpost gan fostaíocht, nó duine i bhfostaíocht nach ndéanann ‘dul chun cinn’, meastar go bhfuil siad gan ghairm. Paraidím is ea í seo a dhéanann daoine a eisiamh ó ghairm agus is ceann í a dhéanann gairm soghonta agus ábalta a ‘bhriseadh’.

Ní san fhoclóir amháin a fhaightear sainmhíniú a chuireann dearcadh caol i láthair maidir la gairm. Féadfaidh poalsaí an rialtais gairm a leathnú chun foghlaim a áireamh ach mar bhealach chun freastal ar an obair, mar shampla:

An individual’s lifelong progression through learning agus work.

Curaclam Náisiúnta RA (2007)

Tá stair de thuiscintí níos leithne ar ghairm sa litríocht gairme. Tugann Super (1996) agus Goffman (1961) an dúshlán do na sainmhínte thuas toisc go measann Super gurb ionann gairm an duine agus an seicheamh agus teaghlaim de na róil a bhíonn againn laistigh den fad saoil, agus go measann Goffman go gcuimsíonn gairm snáitheanna sóisialta an duine. Ag cur Goffman agus Super san áireamh, b’fhéidir gur mhian leis an oibrí teorach machnamh a dhéanamh ar na dearthaí suímh i leith gairme, go háirithe toisc go mbeidh impleachtaí idéalaithe ag an suíomhanna sin (Mignot, 2001). Úsáidtear saothar Gellner laistigh den chuid seo le fiosrú a dhéanamh ar shainmhíniú an ‘ghnáthdhuine’ ar ghairm d’fhonn an bonn luachanna cultúrtha a nochtadh atá laistigh na síceolaíochtaí agus na fealsúnachtaí a bhíonn ag cleachtóirí agus lucht teoirice, agus a théann i gcion ar achtú gairme daoine.

Scrúdaíonn anailís shocheolaíoch Gellner (1972) an chaoi ina chothaigh togra na hEagnaíochta an fonn go ndéanfadh tíortha ‘dul chun cinn’ agus an chaoi ina ndeachaigh tuairimí aontoiseacha mar sin i dtaca le dul chun cinn i gcion ar smaointeoireacht chomhchoiteann agus ar smaointeoireacht aonair. Léirítear coincheap an dul chun cinn mar an ní son a sholáthraíonn ‘réiteach dí-eaglaisithe’ agus brí chuig tuiscint idéalaithe agus stairiúil. Cuireann tuairimí mar sin le dearbhú láidir go bhfuil “Smaointeoireacht na hEorpa ón ochtú haois déag tar éis glacadh le tuairim an dul chun cinn; agus, go deimhin, go bhfuil an tuairim ina chuid lárnach den ghnáthsmaointeoireacht agus ina chuid dá bonntuiscintí agus dá teanga.” (ibid, lch.3). Cuidíonn smaointe mar sin faoi dhul chun cinn le go leor saoránaigh na linne seo féachaint ar an todhchaí mar rud dearfach agus rud níos fearr ná an aimsir atá thart leis an saol á chaitheamh ar ‘fhánadh in airde’ le nádúr claonta i dtreo ‘feabhsúcháin’. Is mian le Gellner critic a dhéanamh ar thuairimí faoi dhul chun cinn ar a dtugann sé miotas ‘fhás an domhain’. Maíonn Gellner go bhfuil tarraingt láidir ann i scéal fhás an domhain do

shochaithe na linne seo; maíonn sé go bhfágann sé rian láidir sa ghnáthchaint agus gníomh, agus mar sin, go bhfuil sé fite fuaite lenár luachanna sa chaoi is go “gcreideann daoie ... mar fhírinní soiléire, gur ionann bheith liteartha, glan agus feasacah faoin teicneolaíocht... [agus] eagraithe, agus ‘forásach’ agus, dá bhrí sin, go maith, agus go bhfuil a malairtí siúd cúlánta agus, mar sin, go dona” (ibid, lch.11). Tá fonn ar Gellner an taitneamh sin do smaointeoireacht an iarthair a nochtadh, áit a gcothaíonn miotas fhás an domhain dúil lucht an iarthair chun a scéal a chur i láthair mar “stair na daonnachta” agus an chaoi ina nglacann an stair seo le “luascadh leanúnach in airde.” (ibid, lch.12). Mar a luaitear thíos:

Maidir leis an bpictiúr [de scéal fhás an domhain] - is fiú Teoiric Oideachas an Chine Daonna a thabhairt air freisin. Foinse shoiléir amháin dá tharraingt ab ea gur cheap sé scéal an chosmais, agus go háirithe stair an duine, ar bhealach atá ag teacht leis an gcaoi ina ndéanann daoine meánaicmeacha a bheathaí a cheapadh agus a chosaint. Maidir leis an tréimhse creidimh sa dul chun cinn, ba thréimhse mheánaicmeach i freisin. Go bunúsach, is ionann saol meánaicmeach agus gairm. Is gnách oideachas fada a bheith ag dul leis agus é marcáilte ag sraithfhéin-chomhfhiosach de chéimeanna in airde, agus is ardú leanúnach é a phatrún ina dhiaidh sin, nó tá sé ceaptha le bheith, cé acu sa saibhreas nó thar céimeanna ordlathais, nó an dá cheann. Má dhéantar saol an duine aonair a bhailíochtú ar bhealach dá leithéid, nach é an rud is nádúrtha ná go mbeadh an patrún taitneamhach céanna ag saol an chine daonna uile, nó go deimhin saol an chosmais? (ibid, lch.13)

Agus scríbhneoireacht Gellner curtha i lár an aonaigh is féidir tosú ar an damháil faoi fhoinsí an tsainmhíneithe i bhfoclóirí agus i ngnáthchaint na linne seo áit is ionann go mór gairm agus an ról oibre agus deiseanna chun ‘an dréimire a dhreapadh’ a théann chuig ‘dul chun cinn’ leanúnachⁱⁱ. Tá rianta de thionchar mhíotas an dul chun cinn freisin i roinnt dearchtaí acadúla ar ghairm, agus dá bhrí sin cuirtear teorainn leis an iliomad gnéithe de spás saoil agus inspreagthaí an duine a chuirtear in iúl ag leithéidí Super (1996) agus Goffman (1961).

An seicheamh atá ag forbairt d’eispéiris oibre an duine in imeacht ama – Arthur (2010)

Ó na 1980í tá agóid curtha chun cinn ag Arthur go nglacadh an litríocht gairme lena thuairimí faoi ‘Ghairm Nua’. Dar le Arthur (2002), saibhrítear gairmeacha ‘nua’ dá leithéid ag an mothúchán nach bhfuil teorainneacha ann, seachas sean-ghairmeacha a bhfuil teorainn leo. Dar leis, is iad na tairbhí a bhaineann le gairm gan teorainn go bhfaigheann daoine seilbh ar raon scileanna agus eolais chun cur le líonraí agus fás pearsanta, ach go n-áiríonn tairbhí na ‘sean-ghairme’ airgead, taitneamh, sábháilteacht agus tacaíocht.

Maítear go dtugann an ghairm nua níos mó soghluaiseachta do dhaoine. Admhaítear go mb’fhéidir go mbeidh cruatan agus crá ar dhaoine de bharr na soghluaiseachta sin. Ach ní gnách fiosrú domhain ar bith ar eispéiris ‘dhiúltacha’ dá leithéid a bheith i saothar Arthur. Tá dearcadh ró-láidir ann freisin de ghairmeacha daoine laistigh dá scríbhneoireacht le béim ró-láidir ar thoil, áit is annamh a admhaíonn Arthur gnéithe socheolaíochta de na cuir síos a thugann sé. Is annamh a admhaítear aicme, gnéas agus eitneachas i saothar Arthur, má admhaítear riamh iad, agus ní thagann siad i gceist ach go hintuigthe agus, dá bhrí sin, is annamh a chuirtear i bhfeidhm iad go hanailíseach. Gan tuairimí dá leithéid maidir le féiniúlacht a chur san áireamh, cuireann Arthur achtú gairme i láthair amháil is go dtarlaíonn sé laistigh de pháirc imeartha chothrom áit a dtarlaíonn ‘rath’ an duine de bhíthin a gcumias

chun feabhas a chur ar thrí réimse eolais; fios cén fáth, fios cén duine agus fios conas. Tá marana dá leithéid go maith; ach tá an réimse a bhaineann le fios ‘céard’ ar iarraidh toisc gur annamh a chuireann na cás-staidéir san áireamh an chaoi ina mbíonn tionchar ag na structúir shóisialta a théann i gcion ar achtú ag staideanna sóisialta difriúlaⁱⁱⁱ. An rud a thagann chun solais ná gur cosúil go bhfuil réimse nua coincheapúil á sholáthar ag saothar Arthur, ach go leanann a shaothar de ghalcadh le róspheáchas ar na bonntuiscintí nua-aimseartha i dtaca le gairm ina ndéantar bonntuiscintí tábhachtacha den dul chun cinn, líneacht – cé go gcuirtear i iúl nach bhfuil teorainneacha ann - obair, toil agus cinnteoireacht réasúnach, tuairimí atá ag teacht le ‘teoiric na ndaoine’ maidir le gairm.

Má thugtar an dúshlán do dhearcthaí cúnga de ghairm tugtar an dúshlán do ‘scéal fhás an domhain’, miotas na heagnaíochta réasúnaí maidir le dul chun cinn. Tá agóisí ann, idir mhórála agus loghciúil, i gcoinne miotais dá leithéid. Ó thaobh na loighce de, b’fhéidir go dtabharfadh scéal dá leithéid faoi dhul chun cinn míniú ar *conas* a tharla sraitehanna éabhlóide daoine ach ní mhíníonn sé *conas* a tharla amhlaidh. Ní chuireann teoiricí éabhlóide bailíochtú don ‘scéimre nithe’ ach trí fhreagairt don cheist *conas*. Más rud é go bhfuil níos mó dul chun cinn á dhéanamh ag sochaithe daonna ansin ní mór fiafraí cén fáth ar sholáthraigh togra na heagnaíochta na hairm don duine daonna é féin a scrios agus cén fáth ar áirigh an togra seo uafáis amhail “na huileloiscthí sa chéad chogadh domhanda nó na seomraí gáis sa dara chogadh domhanda” (Gellner, 1972, lch. 11). Cuireann scéalta chomh huafásacha sin iallach ar dhuine machnamh a dhéanamh:

Má tá an duine go bunúsach réasúnta agus/nó maith, cén fáth a bhfuil greim mar sin ag fórsaí an dorchadais ar a aigne agus sochaí. (ibid, lch. 8).

Ní haon ionadh go mbeadh an iliomad dearcthaí éagsúla ag coincheap chomh casta le gairm. Ach dearbhaíonn an t-alt seo gur iarracht thábhachtach mheabhrach de chuid na teoirice um fhorbairt gairme, agus de chuid obair an chleachtóra chun cuidiú le ‘gairmeacha’ daoine sa todhchaí, is ea ba conairí agus staid na sainmhínithe sin a aimsiú. Mar sin, molann an t-alt seo go ndéanfaí spás um oideachas gairme a sholáthar sa churaclam inar féidir le scoláirí machnamh a dhéanamh ar a ndearcadh féin i dtaca le gairm. Ba chóir go gcuideodh sé seo le machnamh scoláirí ar a n-eispéiris saoil, laistigh agus lasmuigh de dhomhan na hoibre, agus le machnamh ar an iliomad snáitheanna a d’fhéadfadh a bheith i láthair ina saolta; snáitheanna a d’fhéadfadh nascadh lena chéile nó teannas a sholáthar go dtí pointe an bhriste.

Gairm a chur faoi ghrinnscrúdú acadúil

Sa roinn seo scrúdaítear an méid atá curtha in iúl ag triúr Mac Léinn A ghlac páirt i gcur chuige oideolaíochta criticiúil ag fiosrú gairme^{iv}. Sa roinn seo tugtar sleachta as a saothar^v chun an bhfoghlaim ar oideolaíocht den chineál sin a léiriú. Tá an suíomh laistigh d’ollscoil sa Ríocht Aontaithe i ndiaidh 1992– iar-choláiste polaiteicnice a fuair stádas ollscoile mar thoradh ar pholasáí an rialtais i 1992 - laistigh de na hEolaíochtaí Sóisialta. Ní hí an ghairm príomhfhócas staidéar na mac léinn, ach baineadh úsáid as spás laistigh den churaclam chun cuidiú le machnamh na Mac Léinn Ar fhorbairt gairme agus teoiric shóisialta sa chaoi is go gcuirfead a gcur síos gairme faoi ghrinnscrúdú acadúil. Is éard a léirítear le cur chuige den cineál sin ná go ndéanann mic léinn machnamh ar an gcaoi ina ndéantar a gcuir síos a fhrámú go cultúrtha agus ar an gcaoi ina ndéantar gnéithe den saol atá caite acu a nascadh lena ndearcthaí i dtaca le hachtú ionchasach sa todhchaí. Nochtaíonn na cuir síos an chaoi ina ndéanann na mic léinn machnamh ar eachtraí suntasacha ina saol agus an chaoi ina n-idirghníomhaíonn gnéithe den fhéiniúlacht leis an bpobal áitiúil agus leis an comhthéacs

sóisialta níos leithne chun dul i gcion ar chuar na gairme. Cuidíonn machnamh dá leithéid le léamh nua ar chuar na gairme sa todhchaí agus, dá bhrí sin, leathnaíonn sé fiosruithe ar an ngairm^{vi}.

De ghnáth, nuair a bhíonn mic léinn ag gabháil d'oideolaíocht chriticiúil i dtaca lena ngairm féin, tosaíonn siad le dúshlán dá mbonntuiscintí tosaigh agus dá smaointe faoi ghairm. I datithí an údair luaigh neart de na mic léinn a ghabh d'oideolaíocht dá leithéid an chaoi ina ndéanann an léamh faoi líon leathan de shuíomhanna sainmhínithe maidir le gairm feabhsú agus leasú ar a ndearcadh, mar atá léirithe ag Mac Léinn A thíos:

Den chuid ba mhó, múnlaíodh an dearcadh a bhí agam maidir le 'gairm' ag an ngné oideachasúil a fuair mé ar scoil, áit a cuireadh in iúl go raibh gairm bunaithe ar an obair, den chuid ba mhó. Nuair a fíafraíodh díom faoi mo smaointe tosaigh maidir le gairm, dhiúltaigh mé glan a ghlacadh leis go raibh aon rud ann seachas sraith de jabanna ... Agus mé ag staidéar ar [cúrsa laistigh de na heolaíochtaí sóisialta] cuireadh coincheapa agus teoricí níos leithne i mo láthair a d'aithraigh mo thuairimí go láidir. Úsáidim an téarma 'láidreachta' ó thaobh na hionsparáide seachas ó thaobh na máistreachta de, toisc gur oscail mo staidéir sruthanna nua foghlama dom a bhfuil páirt glactha agam go gníomhach iontu. Chuir an fheasacht ar litríocht níos leithne ina luí orm leaganacha éagsúla de 'gairm' a aithint, agus tá dearcadh leathan agam ina leith anois

Mac Léinn A

Mar atá léirithe thuas thug úsáid na teoirice am don mhac léinn machnamh a dhéanamh ar cén bhrí atá le gairm dóibh, ní trí shóilipseachas seachmallach, ach trí idirghníomh idir a dtuairimí féin agus na coincheapa a aimsítear laistigh den litríocht. Mar a deir Mac Léinn A, agus iad ag gabháil le litríocht níos leithne, admhaíonn neart mac léinn seasamh leathan maidir le gairm, ceann a ligeann don iliomad tréithe teacht i lár an aonaigh, snáitheanna ina saol a fhíonn agus a nascann lena chéile. Is gnách le mic léinn freisin eachtraí cinniúnacha a aithint ina saol (féach Giddens, 1991), ócáidí a mbíonn tionchar suntasach acu ar a saol, áit a mbíonn tionchar ag eachtra cinniúnach i réimse nó snáithe amháin, ar réimsí eile ina dhiaidh sin, mar a luaitear thíos:

D'éirigh mé torrach ag naoi mbliana déag d'aois ... nóiméad cinniúnach eile toisc nach raibh rud ar bith ach grá le tabhairt agam don leanbh seo, bhí mé dífhostaithe. ní raibh san oideachas agus bhí mé gan dídean, fiú. Bhí m'fhéiniúlacht nua á cruthú i ndiaidh bhreith mo chéad linbh, bhí mo chairde imithe agus rinneadh máthair díom, ról nua le himirt. Ar deireadh tugadh teach comhairle dom agus bhí tús nua de dhíth orm. Bheartaigh mé obair a lorg go gníomhach agus smaoinigh mé faoi dhul ar an gcoláiste ó bhí saol teoranta caite agam ar shochair. Agus strachailt déanta agam chun obair a fháil, ar deireadh ghlac gníomhaireacht cúraim liom toisc nach raibh aon taithí nó cáilíochtaí de dhíth.

Mac Léinn B

Léiríonn an cuntas thuas an chaoi inar aithin Mac Léinn B gnéithe dá scéal gairme a chuaigh i gcion ar a conair chuig an staid ina bhfuil sí faoi láthair. Ceadáíonn an cur síos admháil ar an gcaoi ina mbíonn gaol idir na snáitheanna sóisialta ina saol. Chomh maith le tuiscint faoina staid, admhaíonn Mac Léinn B freisin an chaoi ina dtéann a staid shóisialta i gcion ar a hachtú gairm agus ina dhaingníonn sí a staid a thuilleadh:

Is í an ghairm fostaíochta a bhí agam i gcónaí ná cúramóir, “ordlathas tipiciúil ag bun an mhargadh saothair, teoranta do jabanna salacha in earnáil na seirbhíse” (Bradley agus Healey, 2008:24). Tá sé ráite go bhfuil gaol láidir idir mná agus dath agus obair tí agus cúraim. Is bean mé agus is duine gorm mé, go deimhin - ní mór dom an cheist a chur orm féin: an raibh rogha agam? Nó an é go bhfuilim braislithe in éineacht leis an iliomad ban eile ó chúlraí eitneacha isteach i ngairmeacha seirbhíse, atá níos mó in oiriúint, ceaptar, do ghnéithe arda d’obair cúraim (Bradley agus Healey, 2008 agus Erickson et al, 2000).

